# Socruithe le haghaidh Áitreabh Inacmhainne a Cheannach
# Polasaí Measúnaithe Ioncaim

## 1. An Cúlra agus Cuspóir atá leis an bPolasaí Measúnaithe Ioncaim le haghaidh Tithíocht Inacmhainne

Sa bpolasaí seo, arna eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, leagtar amach an

bealach ina ndéanfaidh údaráis tithíochta ioncam iarratasóirí a mheas chun críocha a

n-incháilitheacht a shocrú le haghaidh socrú chun áitreabh inacmhainne a cheannach faoi alt 10 den

Acht um Thithíocht Inacmhainne, 2021, agus Rialachán 2 de na Rialacháin um Thithíocht Inacmhainne,

2022.

## 2. Is é an t-ioncam comhlán a ndéantar measúnú air

Déantar an cinneadh maidir lena gcomhlíonann iarratasóir na critéir ioncaim i Rialachán 2(1) de na

Rialacháin um Thithíocht Inacmhainne, 2022, bunaithe ar áireamh dá n-ioncam comhlán

sa 12 mhí sula bhfaightear an t-iarratas. Déanfar ioncam

gach duine a dhéanann an t-iarratas a mheas.

## 3. Ioncam atá inmheasúnaithe agus iarratais ar shocruithe ceannaigh le haghaidh

## Áitreabh inacmhainne á meas

Faoi réir mhír 4, tá na hioncaim seo a leanas inmheasúnaithe chun críocha measúnú a dhéanamh ar

incháilitheacht i leith socruithe ceannaigh le haghaidh áitreabh inacmhainne:

(a) ioncam ó fhostaíocht, lena n-áirítear íocaíochtaí ragoibre, bónais agus coimisiúin,

a bheidh inmheasúnaithe mar seo a leanas:

(i) ragobair: go ginearálta, teoranta do 10% den bhunioncam ar a mhéad, ach

féadfar ragobair rialta a chur san áireamh;

(i) bónas: teoranta do 10% den bhunioncam ar a mhéad

(iii) coimisiún: teoranta do 30% den bhunioncam ar a mhéad, nuair is

cuí;

(b) ioncam ó fhéinfhostaíocht;

(c) íocaíochtaí cothaithe arna bhfáil;

(d) ioncam ó réadmhaoine cíosa, díbhinní, infheistíochtaí caipitil agus foinsí

eile ioncaim mar sin;

(e) pinsin ghairme agus pinsin leasa shóisialta, ó cibé foinse, lena n-áirítear

foinsí thar lear;

(f) cé is moite de neamhaird a thabhairt ar na híocaíochtaí sonracha a liostaítear i mír 4,

aon ioncam ó íocaíochtaí, liúntais agus sochair ó árachas sóisialta agus cúnamh sóisialta,

lena n-áirítear an Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht.

Tá fomhír (c) agus ioncam ó réadmhaoine cíosa, a luaitear i bhfomhír (d),

faoi réir coinníollacha nó critéar de réir mar a leagfar amach iad i dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire

Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**4. Ioncam nach bhfuil inmheasúnaithe**

Agus ioncam iarratasóirí á mheas chun críocha an pholasaí seo, féadfaidh údarás tithíochta

cinneadh a dhéanamh neamhaird a thabhairt ar ioncam aonuaire, sealadach nó gearrthéarmach agus a thagann

lasmuigh de phatrún rialta ioncaim bhliantúil duine.

Agus ioncam á mheas, tabharfar neamhaird ar ioncam ó na foinsí seo a leanas

i ngach cás:

(a) Íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh ina

leith seo a leanas:

(i) Sochar Linbh;

(ii) Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach);

(ii) Íocaíocht Caomhnóra (Neamhranníocach);

(iv) Liúntas do Chúramóirí, ar ráta iomlán nó ar leathráta;

(v) Sochar Cúramóra;

(vi) Liúntas Cúraim Baile;

(vii) Liúntas Síorfhreastail;

(viii) Liúntas Gaolta Forordaithe;

(ix) Liúntas Leictreachais nó Gáis;

(x) Liúntas Breosla;

(xi) Liúntas Teileafóin;

(xii) Ardú do Dhaoine a Chónaíonn ar Oileán Sainithe;

(xiii) Liúntas Maireachtála Aonair;

(xiv) Forlíon Cothaithe;

(xv) Íocaíochtaí faoin Scéim Cúram Leighis;

(xvi) An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair;

(xvii) Sochar/Pinsean Míthreorach;

(xviii) Íocaíochtaí aonuaire nó mírialta, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, an Deontas

Tacaíochta do Chúramóirí (Deontas Cúraim Faoisimh roimhe seo), Deontas Tacaíochta Oiliúna, Liúntas

Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua, Íocaíocht le haghaidh Riachtanais Eisceachtúla, Íocaíocht le haghaidh Riachtanais

Phráinneacha, Scéim um Chúnamh Daonnúil, Deontas Sochraide;

(b) aon ioncam atá níos airde ná an ráta le haghaidh Leas Forlíontach a fhaightear ó

scéimeanna fostaíochta pobail, iad seo a leanas san áireamh, ach gan bheith teoranta dóibh:

(i) an Clár Fostaíochta Pobail;

(i) an Clár um Sheirbhísí don Phobal;

(iii) Tairseach;

(iv) an Scéim Tacaíochta d’Fhostaíocht Óige;

(v) an Scéim Shóisialta Tuaithe;

(vi) Tús;

(c) aon ioncam atá níos airde ná an ráta le haghaidh Leas Forlíontach a fhaightear ó íocaíochtaí uathu seo a leanas:

(i) an Roinn Coimirce Sóisialaí;

(i) an Roinn Oideachais;

(i) an Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta;

(iv) aon Roinn Rialtais nó gníomhaireacht stáit as cúrsa oideachais nó oiliúna;

(d) Íocaíochtaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ina leith seo a leanas:

(i) Liúntais Altrama;

(ii) Liúntas Leasa na nDall;

(iii) Liúntas Luaineachta;

(e) Íocaíochtaí ón Roinn Oideachais, nó faoi scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn sin, ina leith seo a leanas:

(i) Scéimeanna deontas do mhic léinn;

(ii) Scéim Teagaisc Baile;

(iii) Liúntas oiliúna Ógtheagmháil;

(f) Íocaíochtaí arna bhfáil mar liúntas oiliúna agus an duine ag tabhairt faoi chúrsa oiliúna athshlánaithe

arna chur ar fáil ag eagraíocht atá ceadaithe ag an Aire Sláinte;

(g) Íocaíochtaí ó eagraíochtaí carthanachta, ar comhlachtaí iad ina ndéantar gníomhaíochtaí

ar bhonn seachbhrabúsach (seachas aon údarás áitiúil nó údarás poiblí eile) agus

ina bhfuil sé mar fheidhm acu cuidiú le daoine a dteastaíonn tacaíocht uathu agus deontais airgid a thabhairt dóibh;

(h) Íocaíochtaí a thagann le Sochar Linbh arna ndéanamh ag -

(i) Ballstát, seachas an Stát, nó

(ii) an Ríocht Aontaithe (faoi shocruithe don Chomhlimistéar Taistil);

(l) Scoláireachtaí chun freastal ar chúrsaí ceadaithe arna gcur ar fáil ag institiúidí ceadaithe, de bhrí alt 7 agus alt 8 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 (Uimh. 4 de 2011), faoi seach.